2025/887 13.5.2025

# CINNEADH (CBES) 2025/887 ÓN gCOMHAIRLE

## an 12 Bealtaine 2025

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/797 ([1]).

(2) Tá feidhm ag Cinneadh (CBES) 2019/797 go dtí an 18 Bealtaine 2025. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, measann an Chomhairle gur cheart síneadh a chur lena chur i bhfeidhm go dtí an 18 Bealtaine 2028.

(3) Ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797, ba cheart síneadh a chur, go dtí an 18 Bealtaine 2026, le cur i bhfeidhm na mbeart a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 den Chinneadh sin a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin. Ina theannta sin, ba cheart na cúiseanna le seisear a áireamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/797 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘*Airteagal 10*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 18 Bealtaine 2028 agus déanfar athbhreithniú leanúnach air. Beidh feidhm ag na bearta a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 a mhéid a bhaineann leis na daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn go dtí an 18 Bealtaine 2026.’;

(2) déantar an Iarscríbhinn a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

B. NOWACKA

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/797/oj).

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797, faoin gceannteideal 'A. Daoine Nádúrtha', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 3 go 8:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '3. | Alexey Valeryevich MININ | Алексей Валерьевич МИНИН<br>Dáta breithe: 27.5.1972<br>Áit bhreithe: Perm Oblast, Poblacht Shóisialach Chónaidhme na Rúise (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Pasuimhir: 120017582<br>Arna eisiúint ag: Aireacht Gnóthaí Eachtracha Chónaidhm na Rúise<br>Bailíocht: ón 17.4.2017 go dtí an 17.4.2022<br>Suíomh: Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Bhí Alexey Minin páirteach in iarracht ar chibirionsaí i gcoinne na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) san Ísiltír, cibirionsaí a d'fhéadfadh éifeacht shuntasacha bheith aige, agus i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar thríú Stáit.<br>Mar oifigeach tacaíochta faisnéise daonna do Phríomh-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GU/GRU), bhí Alexey Minin ar dhuine d'fhoireann de cheathrar oifigeach faisnéise míleata Rúiseacha a rinne iarracht rochtain neamhúdaraithe a fháil ar líonra WiFi OPCW sa Háig, an Ísiltír, i mí Aibreáin 2018. Is é a bhí beartaithe leis an iarracht sin ar chibirionsaí, briseadh isteach i líonra WiFi OPCW, rud a chuirfeadh slándáil an líonra agus an obair imscrúdaitheach atá ar bun ag OPCW faoi láthair i mbaol, dá mba rud é gur éirigh leis. Bhain Seirbhís Faisnéise Cosanta agus Slándála na hÍsiltíre (Militaire Inlichtingen- en Veiligheidsdienst) na cosa den iarracht sin ar chibirionsaí, agus ar an gcaoi sin, d'éirigh léi aon mhórdhíobháil a dhéanfaí do OPCW a chosc.<br>Tá Alexey Minin díotáilte ag ardghiúiré i gCeantar Iarthar Pennsylvania (Stáit Aontaithe Mheiriceá) mar oifigeach de chuid GRU, as haiceáil ríomhairí, ríomhchalaois, goid chéannachta ghéaraithe, agus sciúradh airgid.<br>Tá GRU fós gníomhach agus cibirionsaithe á ndéanamh aige i gcoinne an Aontais nó a Bhallstát. Dá bhrí sin, mar chomhalta de GRU, tá Alexey Minin páirteach i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu, lena n-áirítear iarrachtaí ar chibirionsaithe a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit. | 30.7.2020 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 4. | Aleksei Sergeyvich MORENETS | Алексей Сергеевич МОРЕНЕЦ<br>Dáta breithe: 31.7.1977<br>Áit bhreithe: Murmanskaya Oblast, Poblacht Shóisialach Chónaidhme na Rúise (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Pasuimhir: 100135556<br>Arna eisiúint ag: Aireacht Gnóthaí Eachtracha Chónaidhm na Rúise<br>Bailíocht: ón 17.4.2017 go dtí an 17.4.2022<br>Suíomh: Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Bhí Aleksei Morenets páirteach in iarracht ar chibirionsaí i gcoinne na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) san Ísiltír, cibirionsaí a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith aige, agus i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar thríú Stáit.<br>Mar chibearoibreoir do Phríomh-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GU/GRU), bhí Aleksei Morenets ar dhuine d'fhoireann de cheathrar oifigeach faisnéise míleata Rúiseacha a rinne iarracht rochtain neamhúdaraithe a fháil ar líonra WiFi OPCW sa Háig, an Ísiltír, i mí Aibreáin 2018. Is é a bhí beartaithe leis an iarracht sin ar chibirionsaí, briseadh isteach i líonra WiFi OPCW, rud a chuirfeadh slándáil an líonra agus an obair imscrúdaitheach atá ar bun ag OPCW faoi láthair i mbaol, dá mba rud é gur éirigh leis. Bhain Seirbhís Faisnéise Cosanta agus Slándála na hÍsiltíre (Militaire Inlichtingen- en Veiligheidsdienst) na cosa den iarracht sin ar chibirionsaí, agus ar an gcaoi sin, d'éirigh léi aon mhórdhíobháil a dhéanfaí do OPCW a chosc.<br>Tá Aleksei Morenets díotáilte ag ardghiúiré i gCeantar Iarthar Pennsylvania (Stáit Aontaithe Mheiriceá), mar dhuine a sannadh d'Aonad Míleata 26165, as haiceáil ríomhairí, ríomhchalaois, goid chéannachta ghéaraithe, agus sciúradh airgid.<br>Tá GRU fós gníomhach agus cibirionsaithe á ndéanamh aige i gcoinne an Aontais nó a Bhallstát. Dá bhrí sin, mar chomhalta de GRU, tá Aleksei Morenets páirteach i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu, lena n-áirítear iarrachtaí ar chibirionsaithe a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit. | 30.7.2020 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 5. | Evgenii Mikhaylovich SEREBRIAKOV | Евгений Михайлович СЕРЕБРЯКОВ<br>Dáta breithe: 26.7.1981<br>Áit bhreithe: Kursk, PCSS na Rúise (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Pasuimhir: 100135555<br>Arna eisiúint ag: Aireacht Gnóthaí Eachtracha Chónaidhm na Rúise<br>Bailíocht: ón 17.4.2017 go dtí an 17.4.2022<br>Suíomh: Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Bhí Evgenii Serebriakov páirteach in iarracht ar chibirionsaí i gcoinne na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) san Ísiltír, cibirionsaí a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith aige, agus i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar thríú Stáit.<br>Mar chibearoibreoir do Phríomh-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GU/GRU), bhí Evgenii Serebriakov ar dhuine d'fhoireann de cheathrar oifigeach faisnéise míleata Rúiseacha a rinne iarracht rochtain neamhúdaraithe a fháil ar líonra WiFi OPCW sa Háig, an Ísiltír, i mí Aibreáin 2018. Is é a bhí beartaithe leis an iarracht sin ar chibirionsaí, briseadh isteach i líonra WiFi OPCW, rud a chuirfeadh slándáil an líonra agus an obair imscrúdaitheach atá ar bun ag OPCW faoi láthair i mbaol, dá mba rud é gur éirigh leis. Bhain Seirbhís Faisnéise Cosanta agus Slándála na hÍsiltíre (Militaire Inlichtingen- en Veiligheidsdienst) na cosa den iarracht sin ar chibirionsaí, agus ar an gcaoi sin, d'éirigh léi aon mhórdhíobháil a dhéanfaí do OPCW a chosc.<br>Ó bhí earrach 2022 ann, tá Evgenii Serebriakov i gceannas ar "Sandworm" (ar a dtugtar freisin "Sandworm Team", "BlackEnergy Group", "Voodoo Bear", "Quedagh", "Olympic Destroyer" agus "Telebots"), gníomhaí agus grúpa haiceála atá cleamhnaithe le hAonad 74455 de Phríomh-Stiúrthóireacht Faisnéise na Rúise. Rinne Sandworm cibirionsaithe ar an Úcráin, lena n-áirítear gníomhaireachtaí rialtais na hÚcráine, tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Tá GRU fós gníomhach agus cibirionsaithe á ndéanamh aige i gcoinne an Aontais nó a Bhallstát. Dá bhrí sin, mar chomhalta de GRU, tá Evgenii Serebriakov páirteach i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu, lena n-áirítear iarrachtaí ar chibirionsaithe a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit. | 30.7.2020 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 6. | Oleg Mikhaylovich SOTNIKOV | Олег Михайлович СОТНИКОВ<br>Dáta breithe: 24.8.1972<br>Áit bhreithe: Ulyanovsk, Poblacht Shóisialach Chónaidhme na Rúise (SFSR) (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Pasuimhir: 120018866<br>Arna eisiúint ag: Aireacht Gnóthaí Eachtracha Chónaidhm na Rúise<br>Bailíocht: ón 17.4.2017 go dtí an 17.4.2022<br>Suíomh: Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Bhí Oleg Sotnikov páirteach in iarracht ar chibirionsaí i gcoinne na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) san Ísiltír, cibirionsaí a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith aige, agus i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar thríú Stáit.<br>Mar oifigeach tacaíochta faisnéise daonna do Phríomh-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GU/GRU), bhí Oleg Sotnikov ar dhuine d'fhoireann de cheathrar oifigeach faisnéise míleata Rúiseacha a rinne iarracht rochtain neamhúdaraithe a fháil ar líonra WiFi OPCW sa Háig, an Ísiltír, i mí Aibreáin 2018. Is é a bhí beartaithe leis an iarracht sin ar chibirionsaí, briseadh isteach i líonra WiFi OPCW, rud a chuirfeadh slándáil an líonra agus an obair imscrúdaitheach atá ar bun ag OPCW faoi láthair i mbaol, dá mba rud é gur éirigh leis. Bhain Seirbhís Faisnéise Cosanta agus Slándála na hÍsiltíre (Militaire Inlichtingen- en Veiligheidsdienst) na cosa den iarracht sin ar chibirionsaí, agus ar an gcaoi sin, d'éirigh léi aon mhórdhíobháil a dhéanfaí do OPCW a chosc.<br>Tá Oleg Sotnikov díotáilte ag ardghiúiré i gCeantar Iarthar Pennsylvania (Stáit Aontaithe Mheiriceá) mar oifigeach de chuid GRU, as haiceáil ríomhairí, ríomhchalaois, goid chéannachta ghéaraithe, agus sciúradh airgid.<br>Tá GRU fós gníomhach agus cibirionsaithe á ndéanamh aige i gcoinne an Aontais nó a Bhallstát. Dá bhrí sin, mar chomhalta de GRU, tá Oleg Sotnikov páirteach i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu, lena n-áirítear iarrachtaí ar chibirionsaithe a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit. | 30.7.2020 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 7. | Dmitry Sergeyevich BADIN | Дмитрий Сергеевич БАДИН<br>Dáta breithe: 15.11.1990<br>Áit bhreithe: Kursk, PCSS na Rúise (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Bhí Dmitry Badin páirteach i gcibirionsaí a bhfuil éifeacht shuntasach aige ar Pharlaimint Chónaidhme na Gearmáine (Deutscher Bundestag) agus i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar thríú Stáit.<br>Mar oifigeach faisnéise míleata den 85ú Príomh-Lárionad le haghaidh Seirbhísí Speisialta (GTsSS) Phríomh-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GU/GRU), bhí Dmitry Badin ar dhuine d'fhoireann d'oifigigh faisnéise míleata Rúiseacha a rinne cibirionsaí ar Pharlaimint Chónaidhme na Gearmáine i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 2015. Bhí an cibirionsaí sin dírithe ar chóras faisnéise na parlaiminte agus bhí tionchar aige ar fheidhmiú an chórais ar feadh roinne laethanta. Goideadh líon suntasach sonraí agus bhí éifeacht ar chuntais ríomhphoist roinnt Comhaltaí Parlaiminte agus ar chuntas ríomhphoist an iar-Sheansailéara Angela Merkel.<br>Tá Dmitry Badin díotáilte ag ardghiúiré i gCeantar Iarthar Pennsylvania (Stáit Aontaithe Mheiriceá), mar dhuine a sannadh d'Aonad Míleata 26165, as haiceáil ríomhairí, ríomhchalaois, goid chéannachta ghéaraithe, agus sciúradh airgid.<br>Tá GRU fós gníomhach agus cibirionsaithe á ndéanamh aige i gcoinne an Aontais nó a Bhallstát. Dá bhrí sin, mar chomhalta de GRU, tá Dmitry Badin páirteach i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu, lena n-áirítear iarrachtaí ar chibirionsaithe a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit. | 22.10.2020 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 8. | Igor Olegovich KOSTYUKOV | Игорь Олегович КОСТЮКОВ<br>Dáta breithe: 21.2.1961<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Igor Kostyukov Ceannaire reatha Phríomh-Stiúrthóireacht Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GU/GRU), mar a raibh sé ina Phríomh-Leas-Cheannaire roimhe seo. Tá an 85ú Príomh-Lárionad le haghaidh Seirbhísí Speisialta (GTsSS) ar cheann de na haonaid atá faoina cheannas, ar a dtugtar freisin “Military Unit 26165”, “APT28”, “Fancy Bear”, “Sofacy Group”, “Pawn Storm” agus “Strontium”).<br>Sa cháil sin, tá Igor Kostyukov freagrach as cibirionsaithe a rinne an GTsSS, lena n-áirítear na hionsaithe sin a bhfuil éifeacht shuntasach acu agus ar bhagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.<br>Go háirithe, bhí oifigigh faisnéise míleata de chuid GTsSS páirteach sa chibirionsaí i gcoinne Pharlaimint Chónaidhme na Gearmáine (Deutscher Bundestag) a tharla i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 2015 agus san iarracht ar chibirionsaí a raibh sé mar aidhm aige haiceáil isteach i líonra WiFi na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) san Ísiltír i mí Aibreáin 2018.<br>Bhí an cibirionsaí i gcoinne Pharlaimint Chónaidhme na Gearmáine dírithe ar chóras faisnéise na parlaiminte agus bhí tionchar aige ar fheidhmiú an chórais ar feadh roinnt laethanta. Goideadh líon suntasach sonraí agus bhí éifeacht ar chuntais ríomhphoist roinnt Comhaltaí Parlaiminte agus ar chuntas ríomhphoist an iar-Sheansailéara Angela Merkel.<br>Tá GRU fós gníomhach agus cibirionsaithe á ndéanamh aige i gcoinne an Aontais nó a Bhallstát. Dá bhrí sin, mar chomhalta de GRU, tá Igor Kostyukov páirteach i gcibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu, lena n-áirítear iarrachtaí ar chibirionsaithe a d’fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit. | 22.10.2020’ |